Cosaint

duit féin agus do do leanbh

Do chéad chuairt réamhbheireatais

Irish translation of *Protecting you and your baby. Your first antenatal visit.*

Tugann an bhileog seo eolas duit ar na scrúduithe fola a chuirtear ort le linn do chéad chuairt réamhbheireatais.
Déantar na scrúduithe seo le cinntiú nach bhfuil aon fhadhb shláinte ort a dhéanfadh dochar don leanbh i do bhroinn dá bhfanfadh sí gan a haimsiú agus a cóireáil.
Ní gá ach sampla fola amháin le haghaidh na sé scrúdú uile.

Má tá ceist ar bith agat i dtaca leis na scrúduithe seo, iarrtar ort í a phlé le duine de na dochtúirí nó de na mná glúine ag an chlinic réamhbheireatais.

Tá na scrúduithe seo agus a dtorthaí faoi rún. Gheobhaidh tú torthaí na scrúduithe le linn do chéad chuairt réamhbheireatais eile ó dhuine den fhoireann leighis a thabharfaidh cúram máithreachais duit. Mura dtabharfar ansin duit iad, tá sé de cheart agat iad a iarraidh orthu.

Má bhíonn ceann ar bith de na torthaí ar na scrúduithe deimhneach, gheobhaidh tú tuilleamh comhairle ar chóireáil fheiliúnach. Leagfar amach aon chóireáil a thairgfear duit chun do shláinte féin agus sláinte do linbh a chosaint. Tairgfear an chóireáil agus na cógais is fearr slán sábháilte duit.

Cuirfear i do chead na scrúduithe seo sula mbainfear aon sampla fola asat. Tá cead agat ceann ar bith de na scrúduithe a dhiúltú. Is tábhachtach coinneáil i gcuimhne, áfach, nach bhfuil sna scrúduithe seo ach gnáthscrúduithe a dhéantar chun sláinte do linbh a chosaint agus moltar duit ceadú don fhoireann leighis iad a chur ort.

Comhaireamh iomlán fola/leibhéal haemaglóibine
Déantar an scrúdú seo go príomha le cinntiú nach bhfuil tú anaemach (nach bhfuil comhaireamh íseal fola agat). Cuireann an anaemacht tuirse ar dhuine agus is deacra ag bean cailleadh fola a bharraíocht nuair a bheireann sí leanbh má tá anaemacht uirthi. Má tá anaemacht ort, ámh, is féidir í a chóireáil go héasca sábháilte.

Fuilghrúpa
Nochtann an scrúdú seo cén fuilghrúpa a mbaineann tú leis. Is tábhachtach seo má theastaíonn fuilaistriú uait. Nochtann se fosta an bhfuil do chuid fola Rhesus diúltach nó deimhneach.

- Bíonn máthair as gach seisear máithreacha Rhesus diúltach. Beidh ar mháithreacha atá Rhesus diúltach instealladh a fháil a dtugtar frith D air má bhíonn siad faoi bhagairt mairfeachta nó má ghortaítear sa bholg i rith an toirchis iad.
- Teastóidh frith D ó mháithreacha atá Rhesus diúltach má bhíonn an leanbh Rhesus deimhneach; cosnóidh seo a gcéad leanbh eile ón anaemacht agus ón bhuíochán.

Rubella
Nochtann an scrúdú seo an bhfuil tú imdhíonach ar an víreas rubella (an bhruitíneach dhearg). Tá an chuid is mó de na daoine fásta i dTuaisceart Éireann imdhíonach uirthi ach mura bhfuil tú féin imdhíonach uirthi, ba chóir duit teagmháil a sheachaint le duine ar bith a bhfuil an rubella air.

Má bhíonn teagmháil agat le duine ar bith a bhfuil an víreas air, ba cheart duit seo a phlé le do dhochtúir go práinneach. Nochtfaidh scrúduithe fola ar galraíodh tú leis an víreas.

- Má thógann tú an rubella i dtosach do thoirchis, d'fhéadfadh sé dochar trom a dhéanamh do do leanbh.
- Má thógann tú an rubella i dtosach do thoirchis, pléifidh do dhochtúir seo leat.
- Mura bhfuil tú imdhíonach ar an rubella, ba chóir duit an vacsaín a fháil i ndiaidh duit an leanbh a bhreith le cosaint a thabhairt duit fein uirthi ar son aon toirchis le teacht.

An tsifilis
Seo scrúdú a dhéantar le fáil amach an bhfuil an tsifilis ar dhuine. Is galar an tsifilis a thraschuirtear trí chaidreamh collaí agus níl sé coitianta i dTuaisceart Éireann.

- Is féidir an tsifilis a bheith ar dhuine gan fhios dó féin.
- Féadann an tsifilis dochar trom a dhéanamh do do leanbh, féadann sé an mhairfeacht nó an mharbhghiniúint féin a tharraingt, mura gcóireáiltear í.
- Má bhíonn an toradh ar an scrúdú seo deimhneach, tá cóireáil slán éifeachtach le fáil don tsifilis nach ndéanfaidh aon dochar don leanbh.

Heipitíteas B
Nochtann an scrúdú seo an bhfuil heipitíteas B ar dhuine. Is víreas é heipitíteas B a fhéadann galar ae a tharraingt.

- Má iompraíonn tú an víreas nó má thógann tú i rith do thoirchis é, is féidir go gcuirfidh tú ar aghaidh chuig do leanbh fosta é.
- Más gá, is féidir do leanbh a dhíonadh díreach i ndiaidh a bhreithe le baol a ionfhabhtaithe leis an víreas a laghdú.
- Tairgfear tuilleamh comhairle i ndiaidh na breithe duit.

Níl heiptíteas B coitianta i dTuaisceart Éireann ach is coitianta i bhfad é lasmuigh den Eoraip, in iardheisceart na hÁise agus sa Chianoirthear go háirithe. Is iad na daoine a raibh ina gcónaí sna réigiúin úd tráth na daoine is dóichí a d'iompródh an galar agus d'fhéadfaidís é a thógáil am ar bith óna mbreith ar aghaidh le linn na tréimhse a raibh cónaí orthu ansiúd. Is féidir é a thraschur trí chaidreamh collaí agus trí snáthaidí truaillithe a roinnt lena n-instealltar drugaí.

VEID
Nochtann an scrúdú seo an bhfuil an víreas is cúis le SEIF ar dhuine.

- Má tá tú ionfhabhtaithe le VEID, tá an chontúirt ann go gcuirfidh tú ar aghaidh an galar chuig do leanbh i rith an toirchis, trína shaolú, nó tríd an chíoch a thabhairt dó.
- Má tá tú ionfhabhtaithe le VEID, tig leat féin agus le do leanbh cóireáil agus cógais a fháil, drugaí speisialta ina measc, le baol a ionfhabhtaithe ag do leanbh a laghdú.
- Cuidíonn an chóireáil seo leat do shláinte féin agus sláinte do linbh a chosaint.
- Is féidir go dtairgfear duit gearradh Caesarach pleanáilte agus molfar duit gan an chíoch a thabhairt do do leanbh.

Tosca baoil do VEID agus do heipitíteas B
Tá cuid mhór duine ann atá i mbaol gan fhios dóibh galair amhail VEID agus heipitíteas B a thógáil.

Is mó an baol d'ionfhabhtaithe le VEID nó le heipitíteas B má bhaineann aon cheann de na cásanna seo a leanas leat féin nó le haon duine a raibh caidreamh collaí agat leis:

- caidreamh collaí gan chosaint;
- caidreamh collaí le céilí collaí iomadúla;
- caidreamh collaí homaighnéasach;
- íobartach banéigin;
- instealladh na ndrugaí le snáthaid(í) a roinneadh;
- caidreamh collaí le duine as tír inar coitianta i bhfad VEID nó heipitíteas B ná mar atá siad sa Bhreatain nó in Éirinn;
- cóireáil leighis a bhain le fuil ó thíortha ina bhfuil VEID nó heipitíteas B forleathan;
- haemaifiliach atá ag fáil cóireála ó roimh 1986.

Má tá tú buartha faoi bhaol áirithe iarrtar ort é a phlé le do dhochtúir nó le do bhean ghlúine. Féadann siad comhairle a thabhairt duit ar scrúdaithe seachas na gnáthscrúduithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

Ní rachaidh sé i bhfeidhm go diúltach ar aon seans a bheith agat árachas a fháil go lig tú scrúdaithe do heipitíteas B agus do VEID a chur ort ach féadann toradh deimhneach ar cheachtar den dá scrúdú seo dul i bhfeidhm go diúltach ar chúrsaí árachas sláinte nó beatha a bhainfidh sa todhchaí leat, áfach.

Coinnigh cuimhne ar an bhileog seo a thabhairt leat nuair a rachaidh tú chun na clinice réamhbheireatais. Cuideoidh do dhochtúir nó do bhean ghlúine leat an fhoirm ag an taobh eile den leathanach seo a líonadh isteach.

Is gnáthscrúduithe na sé scrúdú fola uile agus moltar duit iad uile a cheadú.

Tá an bhileog seo ar fáil i dteangacha eile ó do bhean ghlúine/dhochtúir nó ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (DHSSPS) láithreán idirlín: www.dhsspsni.gov.uk/phealth

Health Promotion Agency

Deartha agus curtha amach ag
the Health Promotion Agency for Northern Ireland
thar ceann the Department of Health, Social
Services and Public Safety.

10/02

Cead chun scrúduithe fola réamhbheireatais / Consent to antenatal blood tests

Foirm le líonadh isteach sa chlinic réamhbheireatais / Form to be completed at antenatal clinic

Ainm / Name: _____

Seoladh / Address: _____

_____

_____

Seoladh teagmhála (más difriúil leis an seoladh thuas é) / Contact address (if different):

_____

_____

_____

Uimhir ghutháin lae / Daytime telephone number: _____

Ceadaím d'fhoireann leighis na clinice seo sampla fola a bhaint díom le haghaidh: (iarrtar ort tic a chur le gach ceann acu seo a bhaineann leat)

I consent to have a blood sample taken from me for: (please tick all that apply)

- ☐ **Comhaireamh iomlán fola/leibhéal haemoglóibine** / Full blood count/haemoglobin level
- ☐ **Fuilghrúpa** / Blood group
- ☐ **Rubella** / Rubella
- ☐ **An tsifilis** / Syphilis
- ☐ **Heipitíteas B** / Hepatitis B
- ☐ **VEID** / HIV

Tuigim na cúiseanna lena scrúduithe seo / I understand the reasons for these tests.

Síniú / Signed: _____

(othar/duine a bhfuil freagracht thuismitheora air/uirthi) / (patient/person with parental responsibility)

Dáta / Date: _____

Finné / Witnessed by: _____

(bean ghlúine/dochtúir) / (midwife/doctor)

Dáta / Date: _____